

# CEILPEADÓIREACTH

40

Nuair a bhí mise ag eirigh suas bhí saoghal cruaidh ag na daoine agus saoghal níos cruaidhe ann roimhe sin. Caith mé cerithe bliana déag ag déanamh ceilpe ar Inis Musgraidhe, Samhradh agus Fógmhar, geeall le bheith i mo chomhnaidha ann ceithre leith bhliain déag, mara dtugainn isteach ar an Satharn. Bhíodh an t-oileán clúdaighte faoi fheamainn dearg dá thriomú. Bhímís ag baint fheamainne, dá gearradh tirim, de réir mar bheadh tráigh mhór ann, agus mara mbeadh tráigh mór ann, dá croisínteacht as an mbád. Bhíodh sgian i mbarr an chroisín. Chuirfeá an sgian sa gcorrleach agus chuirfeá fuinneamh innte go i mbeadh greim ag an gcroisín uirthi. Nuair a bheadh d'fhéadfá í a tharraingt dhen leic. Bheirt fear mhaithe agus bád mhaith acha, bhainfidís trí thonna corrlighe sa lá. Ní bhíodh snath éadaigh tirim orm ó Luain go Satharn.

41

Bhímís dá dhóghadh ar an oileán oidhche agus lá. Nuair a bhíodh tornóg dóighte againn, ceann eile a chur suas. Chaith mé sé oidhche agus sé lá bliain, gan néal a chodladh agus an cheilp dá dhóghadh againn. Ba mhór an sglábhaidheacht é. Ní raibh sglábhaidheacht ar bith ach é a dhógha, i n-éadan na teineadh i gcaitheamh na h-aimsire agus ghá suathadh le racaí ceilpe. Bhíodh an sugh ag rith as an turnóg agus mara dtugthá aire dó rithfeadh sé ar na ballaí.

Rinne mise agus fear eile naoi dtonna agus sé chéad ceilpe, bliain. Chúig phunt deich, an tonna fuaramar ar an gceilp sin.

Bhí teach ar an oileán don mhaor agus do lucht ceilpe. D'fhan mise agus an maor ar an oileán oidhche Shatharn, nuair a bhí sé inam dhul a chodladh ghabhamar a chodladh.

42

Leath doras a bhí ar an teach. Bhí comhra mór sa teach agus leagamar an comhra leis an leath-dhoras, mar chuirfeadh ghaoth mhór an doras isteach. Ní raibh ann ach go rabhamar ins an leabaidh, nuair a rugthar ar an gcomhra agus buaileidh ar an mballa eile, an taobh eile den teach é. Chuireamar leis an doras aríst é. Thuit codladh trom orainn. Níor dhúisigh muid go dtí an dó dhéag maidin Dé Luain.

Seisear eile i bheadh liom-sa agus ceathrar leis an maor, a tháinig isteach Dé Luain a dhúisigh muid. Shíleadar gur cáillte uiliug, a bhí muid nuair a chonnaicadar, an bád agus nach raibh muid fhéin ar fághail. Chonnaicadar dhá luicht feamainne a bhíomar le chur amach Dia Satharain. Creidim go gcodlochmuís go h-oidhche Dé Luain marach gur dhúisigh muid. Bhí an codladh sin chomh mór beagnach le codladh “*mná Dhoire an Fhéidh*”.

43

Triúr ban a bhí i nDoire an Fhéidh, bhaineadar feamainn agus dhóghadar Dia Luain í. D'fhágadar an cheilp ar fuaraidh, Dé Máirt go dtí Dia Céadaoin. Thugadar leob i dtrí chleabh an cheilp agus thugadar go Gaillimh na cléibh, ar a ndruim gur dhíoleadar i nGaillimh í. Bogaistí beaga a cheannuigheadar, chuireadar ins na cléibh iad agus shiubhladar leob abhaile, an triúr i n éinfeacht. Ní raibh deifir ar bith ortha ag siubhal, abhaile do léir a gcoise dóibh fhéin. Nuair a bhí bóithrín Rosa a Mhíl caithte anois acab, connaitheadar fear ar thaobh ó dheas. Níor thánig aon droch rud ariamh ar thaobh na láimhe deise, bhí bean acabh a bhí deaghmhóideach, a raibh páidreacha beannuighthe aice. Nuair a thosuigh sí a rádh na bpaidreacha níor fhan aon fhaitchíos ortha, agus ní fhaca said an fear ní ba mhó ach an oiread. Nuair a tháinig said abhaile, bhí píosa maith den oidhche caithte.

44

Bhí tuirse agus ocras ortha. Thosuígheadar ag cur caoi ortab féin, agus bhí sé gar do bheith ina lá, nuair a ghabh said a chodladh, maidin Dhiardaoin. Chodail said annsin ó mhaidín Diardaoin go maidin Dia Domhnaigh. Is beagnach ndearna mé fhéin agus an maor codladh chomh mór leob i nInis Mhúsgraidhe.

Chaith mé blianta ag baint feamaine ar chladach chondae an Chláir, i mí Aibreáin agus ag na Forbacha, ag Crocán na gCailleach agus dhá dhíol i nGaillimh. Bhí mé ag baint ag oileán Lua, i mBéal Achrais, ag Carraig Dilisg, ag Carraig Fhada agus ag oileán Fheadh agus ar chaon taobh d'Árd Tamhan agus gar de Phoinnte na Corann agus ag oileán Fide taobh amuich de Thamhain.

45

Chuirimuis an fheamaine as an mbád chuile thrathnóna i nGaillimh agus dhíolaimís í le cairearaí as Tuaim agus as an Mainistir.

Nuair a bhínn i mbád ceathrair, bheadh an ceathramhú cuid dom, timcheall ocht sgilleacha sa lá. Blianta bhíodh laetheannta ar choróin.

Micilín

3/3/1931. i gCárna